

**TUAIRISC AR CHOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ
FHORAS NA GAEILGE AR
ATHBHREITHNIÚ AR EARNÁIL NA MEÁN
GAEILGE CLÓITE AGUS AR LÍNE
MEITHEAMH – LÚNASA 2019**

Comhairleacht Oideachasúil ROS a chuir le chéile
Meán Fómhair 2019

Clár

Mír		Leathanach
1.	Réamhrá	3
2.	Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí	4
2.1	Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí – Ceist 1	4
2.2	Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí – Ceist 2	7
2.3	Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí – Ceist 3	9
2.4	Príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí – Ceist 4	10
3.	Achoimre ar Phríomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí	12
4.	Aguisín 1 – Moltaí Fhoras na Gaeilge faoin Athbhreithniú ar Earnáil na Meán Gaeilge Clóite agus Ar Líne 2019	13

1. RÉAMHRÁ

1.1 I Meitheamh 2019, thionscain Foras na Gaeilge próiseas comhairliúcháin faoi athbhreithniú ar a mhaoiniú d'Earnáil na Meán Gaeilge Clóite agus Ar Líne.

1.2 Ba é an cuspóir a bhí leis an chomhairliúchán tuairimí a lorg ar athbhreithniú thionscnaimh mhaoinithe Fhoras na Gaeilge i dtaobh Earnáil na Meán Gaeilge Clóite agus Ar Líne don tréimhse Eanáir 2020 ar aghaidh.

1.3 Leag Foras na Gaeilge amach i gcáipséis an chomhairliúcháin eolas cúlra, cuntas ar cheithre phríomhmholadh Fhoras na Gaeilge féin maidir le scéim athbhreithnithe (mar atá cuimsithe in Aguisín 1 den tuairisc seo), agus na roghanna a d'fhéadfadh teacht as breithniú thorthaí an phróisis chomhairliúcháin.

1.4 Cuireadh deireadh leis an phróiseas comhairliúcháin ar 15 Lúnasa 2019 agus 107 bhfreagra ar fad a fuair Foras na Gaeilge ar an chomhairliúchán faoin am sin. Tharraing an próiseas comhairliúcháin freagraí: ó dheontaithe faoi scéim reatha Fhoras na Gaeilge d'earnáil na meán Gaeilge agus ó fhoilseacháin Ghaeilge eile, mar aon le freagraí ó dhaoine a bhfuil baint acu leo agus a rinne aighneacht i scríbhinn ar a son féin ar bhonn aonair; ó cheanneagraíochtaí Gaeilge; ó chomhlachtaí Gaeilge agus Gaeltachta; ó acadúlaithe agus oideachasóirí; ó cheoltóirí, iriseoirí, agus scríbhneoirí agus a n-ionadaithe; agus ó réimse daoine aonair eile in Éirinn agus thar lear, an Astráil, an Nua-Shéalainn, agus na Stáit Aontaithe san áireamh.

1.5 Tá réimse leathan le sonrú i bhfad na bhfreagraí a fuarthas ar an chomhairliúchán. Faightear, ar thaobh amháin, aighneachtaí cuimsitheacha ina leagtar amach freagra tathagach ar gach ceann de na ceisteanna mar a cuireadh i gcáipéis an chomhairliúcháin iad agus, os a choinne sin, freagraí atá beag beann ar leagan amach na gceisteanna i gcáipéis an chomhairliúcháin agus ina gcuirtear i láthair teachtaireacht lom an-simplí i ráiteas gearr amháin nó in abairt aon líne. Tugtar faoi deara gur i gcruth ríomhphoist a fuarthas mionlach suntasach (36%) de na freagraí ar fad a tugadh ar an chomhairliúchán. Is sna haighneachtaí ríomhphoist

seo go speisialta a fhaightear na freagraí gairide nó na teachtaireachtaí aon líne réamhráite. 20 freagra a fuarthas i mBéarla ar an chomhairliúchán agus is i gcruth ríomhphoist a fuarthas na haighneachtaí áirithe seo uile.

1.6 Leagtar amach sa tuairisc thíos príomhthorthaí an chomhairliúcháin phoiblí i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas i gcás gach ceann de na ceithre cheist a cuireadh faoi bhráid an phobail i gcáipéis an chomhairliúcháin.

2. PRÍOMHTHORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

2.1 **Ceist 1: An bhfuil tú i bhfabhar/i gcoinne an chur chuige nua atá molta nó aon ghné de? Mínigh an chúis le do thoil.**

2.1.1 Is í seo an t-aon cheann amháin de na ceithre cheist a tharraing freagra de chineál éigin ó gach duine a ghlac páirt sa bheart comhairliúcháin. Cuireann beagnach gach duine (breis agus 95%) de na freagróirí in iúl go neamhbhalbh anseo go bhfuil siad i gcoinne, nó go láidir i gcoinne, an chur chuige nua atá molta, nó tugann siad le fios go bhfuil siad i gcoinne, nó go láidir i gcoinne, gné(ithe) áirithe de. Cuirtear san áireamh anseo na haighneachtaí ríomhphoist gairide thuasluaite; léiríonn formhór (76%) na bhfreagraí áirithe seo, mar shampla, go bhfuiltear go láidir i bhfách le foilseachán áirithe, mar atá *NÓS*, a bhfuil maoiniú aige faoin scéim reatha a choinneáil, nó déantar achainí iontu gan deireadh a chur leis an mhaoiniú atá aige faoin scéim reatha. I bhfianaise na bhfreagraí uilig go léir seo, nochtar tuairim an-láidir go speisialta nár chóir baint do mhaoiniú ná do stádas na dtrí fhoilseachán Gaeilge *Comhar*, *NÓS*, agus *Tuairisc.ie* atá á maoiniú faoi scéim reatha Fhoras na Gaeilge. Ar chúiseanna amhail buanna shaothar na bhfoilseachán seo ar an iomlán, gach ceann acu a bheith ag freastal ar lucht léitheoireachta ar leith, an t-aos óg san áireamh; cosaint agus cothú na taithí agus na tallainne atá forbartha acu, agus deireadh a bheith curtha le maoiniú roinnt foilseachán eile cheana féin faoi phróiseas athbhreithnithe roimhe seo, meastar gur chóir na trí fhoilseachán thuasluaite seo ar leith, *Comhar* mar iris chlóite san áireamh, a choinneáil, nó meastar gur chóir iad a choinneáil nó go réiteofar ceisteanna maoinithe agus straitéise. Mar aon leis sin, go deimhin, nochtar barúil an-láidir sna

freagraí anseo gur chóir tuilleadh maoinithe a éileamh, nó a fháil, nó a chur ar fáil d'earnáil na meán Gaeilge, d'fhonn í a neartú agus í a fhorbairt go straitéiseach seachas, dar leis na freagróirí áirithe seo, acmhainní na hearnála a athdháileadh nó a ghearradh siar.

2.1.2 Ní chuireann ach duine amháin de na freagróirí in iúl go bhfuiltear i bhfabhar an chur chuige nua atá molta, agus is ar bhonn ginearálta agus ar bhonn áirithe a thaobhaíonn an freagróir sin leis. Nochtann mionlach beag (15%) freagróirí barúil anseo, mar sin féin, go bhfuil fiúntas de shórt éigin sa scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge mar atá molta, agus, ina theannta sin, tá líon beag (8%) freagróirí den tuairim anseo go bhfuil fiúntas de shórt éigin sa scéim do shaor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge do na ceantair is mó a bhfuil pobal labhartha Gaeilge iontu mar atá molta. I mbeagnach gach ceann de na freagraí réamhráite seo, ina dhiaidh sin féin, is fáilte áirithe a chuirtear roimh na gnéithe seo den chur chuige nua atá molta agus déantar cur síos ar na hábhair inní a léirítear sna cásanna seo i mír 2.1.4 den tuairisc seo.

2.1.3 Agus iad ag míniú na gcúiseanna atá acu le cur in aghaidh an chur chuige nua atá molta, amach ó thacaíocht lom a léiriú d'fhoilseachá(i)n áirithe ag a bhfuil maoiniú faoin scéim reatha agus inní a léiriú faoi chúrsaí airgeadais agus straitéise agus na fáthanna eile mar a luaitear i mír 2.1.1 thuas, tagraíonn freagróirí do na mórthéamaí coitianta seo a leanas. Dar leo: gur cúngú agus maolú ar an soláthar reatha iriseoireachta agus léitheoireachta agus ar éagsúlacht an tsoláthair sin go háirithe a thioctadh as an chur chuige nua, seachas deiseanna chun é a fhorbairt mar is cuí; go mbaineann tábacht ar leith le hábhar léitheoireachta clóite i nGaeilge, ábhar critice, léirmheastóireacht, agus scríbhneoireacht chruthaitheach san áireamh, seachas é a chur ar fáil ar líne mar atá molta faoin athbhreithniú reatha; go bhfuil an líonra leathanbhanda agus rochtain idirlín sa tír, agus sna ceantair Ghaeltachta go speisialta, ró-easnamhach le léitheoireacht na Gaeilge a chothú go héifeachtach trí mhórsholáthar leictreonach go príomha; nach gcuirfí an bhéim chuí ar réimse leathan nuachta faoin scéim nua; agus gur chóir níos mó leanúnachais agus seasmhachta a chur san áireamh agus na scéimeanna maoinithe do sheirbhísí na meán Gaeilge á gcruthú, in áit múnla a chruthú agus é a athshamhlú i ndiaidh roinnt bheag blianta. Cuirtear inní in iúl fosta, i líon an-bheag cásanna, faoi ghnéithe áirithe den phróiseas comhairliúcháin féin.

2.1.4 Chomh maith leis sin, caitear amhras sna freagraí ar an cheist seo ar an mholadh le haghaidh scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge; mar shampla, ceistítear ar chóir airgead a chaitheamh ar an scéim ar chor ar bith, go háirithe ar an ábhar go bhfuil cúrsaí buiséid chomh teoranta sin, agus ceistítear fosta an bhfuil an caiteachas a luaitear leis an scéim atá molta réalaíoch, agus cuirtear in iúl go bhfuil a mhacasmhail ar siúl ag *Comhar* cheana féin nó go bhféadfaí a leithéid a fhorbairt ar mhodh eile faoin chóras reatha, mar shampla, printísigh iriseora a nascadh le *NÓS* nó le *NÓS* agus *Tuairisc.ie* ar bhonn comhoibrithe. Ceistítear anseo chomh maith tairbhe na scéime áirithe seo sa mhéid go gcreidtear go láidir gur lú na deiseanna fostaíochta a bheadh ar fáil san iriseoireacht Ghaeilge dá gcuirfí an t-atheagar ar na meáin Ghaeilge faoin chur chuige nua atá molta. Ceistítear freisin an moladh le scéim do shaor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge a mhaoiniú, agus ar chúiseanna a bhaineann le caiteachas agus le freagracht; mar shampla, ar chóir airgead a chaitheamh ar an scéim áirithe seo ar chor ar bith, agus ar scéim phíolótach fiú amháin, nó an bhfuil an caiteachas a luaitear leis an scéim atá molta réalaíoch, nó ar chóir d’eagraíocht eile nó d’fhoinsé eile, cuirtear i gcás, an ciste atá ar fáil don phleanáil teanga, costais na scéime seo a iompar?

2.1.5 Ar deireadh, tugtar faoi deara chomh maith go bhfaightear sna freagraí ar an cheist seo moltaí nó tuairimí áirithe aonair ar tábhachtach machnamh agus plé a dhéanamh orthu freisin, agus ina measc sin áirítear: féidearthachtaí comhoibrithe nó cónascaithe idir *Tuairisc.ie* agus *NÓS* a fhiosrú; an nuacht scríofa Ghaeilge a leagan mar chúram ar *RTÉ* nó ar *TG4*; *Comhar* agus *Tuairisc.ie* a chónascadh; nasc nó rannóg bheith ag *Comhar* ar shuíomh *Tuairisc.ie* ar mhaithe le tuairisciú breise a dhéanamh ar an ábhar sa leagan clóite den iris; in áit saor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge a mhaoiniú, nuachtán clóite a chur ar fáil gach seachtain a bheadh bunaithe ar an ábhar ón nuachtán ar líne agus ábhar ó na ceantair Ghaeltachta bheith ar fáil i gcolúin rialta ann; deireadh a chur le *NÓS* agus iris stíle mhaireachtála a chur faoi chúram *Tuairisc.ie* mar rannóg ar leith; agus *NÓS* a choinneáil ar an fhód ar bhonn síntiúis chomh maith le maoiniú a fháil ó Fhoras na Gaeilge.

2.2 Ceist 2: An bhfuil moltaí feabhais a mholfá don chur chuige nua atá molta nó aon ghné de? Liostaigh thíos le do thoil.

2.2.1 Tromlach beag (52%) de na freagróirí ar fad a thug freagra díreach ar an cheist seo agus, le taobh na bhfreagraí ar Cheist 1 thuas, is freagraí gearra nó freagraí gonta iad ar an iomlán. Is iad seo a leanas na príomhthéamaí is mó a thagann as na freagraí seo in ord tosaíochta de réir na hanailíse is dúshraith don tuairisc seo. Moltar: cloí leis an chur chuige reatha agus é a fhorbairt; tuilleadh plé, machnaimh agus taighde a dhéanamh sula dtabharfaí isteach cur chuige nua ar bith; agus tuilleadh acmhainní, maoinithe agus tacaíochta a chur i dtreo na meán Gaeilge agus a fháil do na meáin Ghaeilge, go ginearálta agus d'fhoilseacháin ar leith, idir sheanbhunaithe agus nua. Tuairimítear anseo go bhféadfadh Foras na Gaeilge an maoiniú breise úd a aimsiú go himmheánach agus a lorg ó fhoinsí seachtracha.

2.2.2 I gcás líon níos lú freagraí coitianta nó freagraí a bhfuil téamaí coitianta iontu, eascraíonn sraith eile moltaí astu, mar atá: pleanáil agus straitéis fhadtéarmach a fhorbairt faoi choinne na meán Gaeilge; cur le hiomrá agus le próifíl na bhfoilseachán Gaeilge trí sheifteanna úra chun na seirbhísí seo a chur i mbéal an phobail, straitéis mhargaíochta nua do *Comhar* san áireamh, mar shampla, nó trí chur ina luí ar an Roinn Oideachais agus ar na heagraíochtaí múinteoireachta níos mó leasa a bhaint as na foilseacháin Ghaeilge sa churaclam; ábhar leathan léitheoireachta, cúrsaí reatha agus cúrsaí domhanda sa chuntas, bheith mar chuid den tseirbhís ar líne atá molta; an tábhacht chuí a chur le hábhar léitheoireachta don aos óg; níos mó infheistíochta a dhéanamh sna iriseoirí agus sna scríbhneoirí, na daoine óga atá ag saothrú sna modhanna nua cumarsáide san áireamh; iarraidh ar léitheoirí síntiús a íoc le foilseacháin ar líne; agus scáthchomhlacht amháin a aimsiú chun na gnéithe éagsúla de mholtaí athbhreithnithe Fhoras na Gaeilge a chomhtháthú faoi, nó príomhsholáthróir amháin a cheapadh d'fhonn an t-ábhar a bhíonn ag *Comhar*, *NÓS*, agus *Tuairisc.ie* ar fad a sholáthar ar láithreán gréasáin amháin, cé nach bhfuil freagróirí ar aon fhocal faoi dheireadh a chur leis na suíomhanna idirlín ar leith atá ag na foilseacháin seo i láthair na huaire.

2.2.3 Ó thaobh na moltaí a bhaineann le scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge a fhorbairt agus le scéim phíolótach dírithe ar fhoilsiú saor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge a fhorbairt, tá an t-aiseolas sa chuid seo de na freagraí idir dhiúltach agus dhearfach.

Ceistítear a bhfiúntas mar mholtaí go bunúsach, go díreach ar nós na dtuairimí atá le sonrú i mír 2.1.4 den tuairisc seo, nó, os a choinne sin, cuirtear moltaí éagsúla chun cinn ar mhaithe lena leasú. Cuimsíonn na moltaí a dhéantar maidir leis an scéim phrintíseachta leithéidí: beirt iriseoirí óga a cheapadh ar €40k in áit ceathrar iarchéimithe a oiliúint; €40k a chur ar fáil d’eagarthóirí na bhfoilseachán faoin scéim reatha le fostaíocht nó le taithí oibre a thabhairt d’iriseoirí óga; eagraíocht eile, Údarás na Gaeltachta, mar shampla, bheith freagrach as an scéim; agus an scéim a chur faoi choimirce na bhfoilseachán sa scéim reatha d’fhonn tairbhe a bhaint as an saineolas atá acu. Cuimsíonn na moltaí a dhéantar maidir leis an scéim phíolótach do na saor-nuachtáin áitiúla atá molta leithéidí: an tseirbhís seo a bhunú ar mhúnla reatha na nuachtán fforáitiúil, is é sin, mórchuid grianghraf agus gannchuid iriseoireachta; seachas an scéim mar atá molta, nuachtán clóite seachtainiúil a chur ar fáil agus é a bhunú ar ábhar ón nuachtán ar líne agus ar ábhar ó na ceantair Ghaeltachta araon, nó socrú a dhéanamh le nuachtáin Bhéarla nó le nuachtáin áitiúla chun aguisín Gaeilge a chur leo, nó an nuacht áitiúil atá i gceist a fhorbairt i rannóg ar leith mar chuid de *Tuairisc.ie*. Maidir leis an mholadh le hardán ar leith ar líne a fhorbairt ar mhaithe le saibhriú na hintleachta a chothú, cuirtear in iúl go bhfuil seirbhís den chineál seo á cur ar fáil go gairmiúil ag *Comhar* cheana féin agus ceistítear an bhfuiltear ag glacadh leis faoin phlean atá molta nach bhfuil pobal léitheoireachta sásta léitheoireacht a dhéanamh ach ar líne amháin?

2.2.4 Lena chois sin, faightear sna freagraí ar an cheist seo chomh maith moltaí feabhais aonair nó barúlacha aonair ar tábhachtach machnamh agus plé a dhéanamh orthu chomh maith, agus ina measc siúd tá: preasoifigeach a cheapadh ar son na gceanneagraíochtaí Gaeilge le nuacht agus scéalta a bhaineann leis an earnáil a scaipeadh ar na meáin Bhéarla; tacascéim a chur ar fáil le nuachtlitreacha, irisí, nó foilseacháin ócáidiúla áitiúla a dhearadh mar chur chuige ón bhun aníos do thionscnaimh i bpobail Ghaeltachta; gan foilseachán clóite nua ar bith a chur ar an fhód sa ré ina bhfuilimid; agus tuairimí difriúla faoi fhorbairt aipe.

2.3 **Ceist 3: Lasmuigh den chur chuige nua molta, an bhfuil moltaí agat maidir leis an socrú reatha a fheabhsú? Mínigh do mholtaí le do thoil.**

2.3.1 Tromlach beag eile (50.5%) de na freagróirí ar fad a thug freagra díreach ar an cheist seo agus arís eile, le taobh na bhfreagraí ar Cheist 1 thuas, is freagraí gearra nó freagraí gonta iad ar an iomlán. Is iad seo a leanas na príomhthéamaí is mó a thagann as a bhfreagraí in ord tosaíochta de réir na hanailíse is dúshraith don tuairisc seo, seachas tuilleadh acmhainní, maoinithe agus tacaíochta a chur i dtreo na meán Gaeilge agus foilseachán ar leith, a ndéantar trácht air i mír 2.2.1 thuas agus a chuirtear chun tosaigh go láidir anseo chomh maith.

Tuairimítear gur chóir comhoibriú agus comhtháthú cuí a chur i bhfeidhm i soláthar reatha na meán Gaeilge; cuirtear chun cinn anseo, le cois na moltaí ábhartha a dtagraítear dóibh i mír 2.2.2 thuas, smaointe ginearálta, amhail na trí fhoilseachán sa scéim reatha a shní níos fearr ina chéile, agus smaointe sonracha, ar nós *Tuairisc.ie* agus *Nuacht RTE* bheith ag obair as lámha a chéile, *Comhar* agus *Tuairisc.ie* bheith ag comhoibriú chun ábhar áirithe ar líne a fhoilsiú ar an iris chlóite, agus *Comhar* a thógáil isteach faoi *Tuairisc.ie.*, nó *NÓS* a ghlacadh isteach faoi *Tuairisc.ie*. Moltar sna freagraí seo freisin: straitéisí margadóchta agus poiblíochta a fhorbairt do na meáin Ghaeilge agus d'fhoilseacháin ar leith, *Comhar* san áireamh; bearta tacaíochta, leithéidí cúrsaí oiliúna agus taithí oibre, a fhorbairt d'iriseoirí agus do scríbhneoirí óga go háirithe; struchtúr conartha níos faide, macasamhail socrú cúig bliana, a thabhairt isteach do na scéimeanna a bhfuil maoiniú acu; an meán clóite a chothú; córas a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na meán Gaeilge agus na bhfoilseachán agus chun comhairle a chur orthu. Ar deireadh, moltar fosta earnáil na Gaeilge agus na foilseacháin Ghaeilge iad féin, i gcomhar le Foras na Gaeilge, modhanna a fhorbairt d'fhonn breis airgid a thabhairt isteach as a stuaim féin, trí fheachtas slua-mhaoinithe a eagrú i measc phobal na Gaeilge, mar shampla, nó trí airgead breise a thabhairt d'fhoilseacháin as spriocanna díolacháin áirithe a bhaint amach.

2.3.2 I gcás líon níos lú freagraí coitianta nó freagraí a bhfuil téamaí coitianta iontu, eascraíonn roinnt moltaí eile astu, mar atá: Foras na Gaeilge dul i gcomhairle ar bhonn níos mó le soláthróirí na seirbhísí sna meáin Ghaeilge agus leis na léitheoirí; pleanáil chórasach agus straitéis a fhorbairt i gcomhair na meán Gaeilge, mar atá i mír 2.2.2 thuas; agus, i líon an-bheag cásanna,

iris ráithe a dhéanamh de *Comhar* agus eagrán níos téagartha de a fhoilsiú ceithre huairé sa bhliain dá bharr.

2.3.3 Lena chois sin, faightear sna freagraí ar an cheist seo chomh maith moltaí feabhais aonair nó barúlacha aonair ar tábhachtach machnamh agus plé a dhéanamh orthu fosta, agus ina measc siúd tá: réimse moltaí faoi fhoilseacháin ar leith, amhail *Comhar* agus *Tuairisc.ie* breis ábhair a chur ar fáil a bhaineann le Cúige Uladh, *Comhar* eagrán speisialta, clóite agus ar líne, a fhoilsiú le duais-iarrachtaí Chomórtais Liteartha an Oireachtais a chomórath; *NÓS* níos mó scéalta a chur ar fáil in aghaidh an lae agus é tuilleadh béime a chur ar ábhar ilmheánach nuálach, agus *Tuairisc.ie* níos mó scéalta faoi chúrsaí reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta a sholáthar; moltaí éagsúla a bhaineann le *Comhar* go háirithe, amhail aitheantas cuí a thabhairt dá oibríochtaí uile ina n-iomláine faoi scéim mhaoinithe, agus, i dtuairimí eile, iris dhémhíósúil nó iris dhátheangach a dhéanamh de; agus, mar atá i mír 2.2.4 den tuairisc seo, tuairimí difriúla faoi fhorbairt aipe.

2.4 **Ceist 4: Sa chás go bhféadfadh Foras na Gaeilge cur leis an maoiniú reatha de €500k don earnáil seo, cad iad na tosaíochtaí caiteachais eile a mholfá?**

2.4.1 Tromlach beag eile (53%) de na freagróirí ar fad a thug freagra díreach ar an cheist seo agus arís eile, le taobh na bhfreagraí ar Cheist 1 thuas, is freagraí gearra nó freagraí gonta iad ar an iomlán. Cuirtear fáilte gan choinníoll sna freagraí seo roimh aon seans go bhféadfaí maoiniú breise a chur ar fáil mar thosaíocht inti féin agus is iad seo a leanas na príomhthéamaí is mó a thagann astu in ord tosaíochta de réir na hanailíse is dúshraith don tuairisc seo. Moltar: cur le maoiniú na bhfoilseachán sa scéim reatha, mar atá i míreanna 2.2.1 agus 2.3.1 thuas; cúrsaí margaíochta a fhorbairt do na meáin Ghaeilge agus d'fhoilseacháin ar leith, mar atá i míreanna 2.2.2 agus 2.3.1 thuas; seirbhísí ilmheán Gaeilge agus seirbhísí meáin shóisialta, amhail físeáin, podchraolta, agus postálacha blag, a fhorbairt agus a chothú; saor-nuachtáin nó nuachtlitreacha áitiúla lán-Ghaeilge, faoi choinne na Sé Chontae san áireamh, nó irisí pobail sna ceantair Ghaeltachta a fhorbairt; iriseoirí a oiliúint agus a fhorbairt go gairmiúil, mar atá i mír 2.3.1 thuas;

maoiniú a chur ar fáil athuair d’fhoilseacháin ar leith, mar atá, *An Timire*, *An tUltach*, agus *Feasta*; tuilleadh forbartha a dhéanamh ar nuacht Ghaeilge ar líne, nuacht 24 uair sa lá/7 lá na seachtaine san áireamh; agus tuilleadh deiseanna fostaíochta a chruthú sna meáin Ghaeilge, cuirtear i gcás, d’fhonn cur le foirne na bhfoilseachán sa scéim reatha go lánaimseartha, go páirtaimseartha, nó ar bhonn féinfhostaithe.

2.4.2 I gcás líon níos lú freagraí coitianta nó freagraí a bhfuil téamaí coitianta iontu, eascraíonn sraith eile moltaí astu, mar atá: modhanna chun an iriseoireacht nó an scríbhneoireacht Ghaeilge a fhorbairt sna mórmheáin Bhéarla, amhail ailt Ghaeilge a chothú ar irisí Chumann Lúthchleas Gael agus Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, mar shampla, nó cláir Ghaeilge a chur chun cinn ar stáisiúin raidió, nó deontais a thabhairt do nuachtáin chun ailt Ghaeilge a cheannach ó shaoririseoirí; gné Eorpach nó gné idirnáisiúnta a chur chun tosaigh san iriseoireacht Ghaeilge, trí ábhar a dhíriú ar phobal idirnáisiúnta na Gaeilge seachas nuacht Ghaeilge, mar shampla, nó trí mhaoiniú a thabhairt le haghaidh ailt agus litríocht ó fhoinsí Eorpacha a aistriú agus a fhoilsiú ar *Tuairisc.ie* agus ar *Comhar*; ábhar léitheoireachta Gaeilge, ar nós scéalta a bhaineann le hÉirinn agus leis an domhan mór araon, a fhoilsiú gach coicís, mar shampla, i gcruth irise nó nuachtlitreach nó mar pháipéar nuachta; Foras na Gaeilge na scéimeanna maoinithe a chur ar bhonn níos faide ná trí bliana, mar atá i mír 2.3.1 thuas. Chomh maith leis sin, moltar, i líon an-bheag cásanna: tuilleadh ábhair don aos óg nó do dhaltaí scoile a sholáthar, mar shampla trí irisí clóite nó trí leagan clóite de *NÓS* a fhoilsiú agus a chur chuig leabharlanna scoile ar fud na tíre; comórtais scríbhneoireachta a reáchtáil le scríbhneoirí nua nó scríbhneoirí óga a chothú; staidéar agus tuilleadh taighde a choimisiúnú d’fhonn gnéithe áirithe d’earnáil na meán Gaeilge a fhorbairt, amhail foilseachán clóite saor in aisce; agus gearradh siar ar an airgead a chuirtear i leataobh faoi láthair faoi choinne réimsí áirithe chun buiséad na meán Gaeilge a mhéadú, mar shampla buiséad reatha na gceanneagraíochtaí Gaeilge a ghearradh, nó airgead a shábháil trí gach tuarascáil oifigiúil a aistriú go Gaeilge ina hachóimre seachas mar thuarascáil fhada.

2.4.3 Lena chois sin, faightear sna freagraí ar an cheist seo chomh maith moltaí feabhais aonair nó barúlacha aonair ar tábhachtach machnamh agus plé a dhéanamh orthu freisin, agus ina measc siúd tá: straitéis fhadtréimhseach, deich mbliana a mholtar, a bhunú do na meáin Ghaeilge; maoiniú a chur ar fáil atá ceangailte leis an ráta boilscithe; Foras na Gaeilge plean forbartha cúig

bliana a lorg ó dheontaithe na scéimeanna maoinithe; *Comhar* bliainiris a fhoilsiú gach Nollaig; agus urraíocht a dhéanamh ar thob-Ghaeltachtaí.

3. ACHOIMRE AR PHRÍOMHTHORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

3.1 Léiríonn príomhthorthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí a thionscain Foras na Gaeilge faoi athbhreithniú ar a mhaoiniú d'Earnáil na Meán Gaeilge Clóite agus Ar Líne i Meitheamh 2019 go bhfuil beagnach gach duine de na freagróirí i gcoinne, nó go láidir i gcoinne, an chur chuige nua atá molta, nó go bhfuil siad i gcoinne, nó go láidir i gcoinne, gné(ithe) áirithe de; nochtar tuairim an-láidir gur chóir maoiniú agus stádas na dtrí fhoilseachán Gaeilge *Comhar*, *NÓS*, agus *Tuairisc.ie* atá á maoiniú faoi scéim reatha Fhoras na Gaeilge a choinneáil, *Comhar* mar iris chlóite san áireamh. Léiríonn mionlach beag freagróirí bá éigin leis an scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge mar atá molta agus léiríonn líon beag go bhfuil bá éigin acu leis an scéim do shaor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge mar atá molta; i mbeagnach gach cás, áfach, is fáilte áirithe a chuirtear roimh an dá ghné áirithe seo den chur chuige nua atá molta. Le cois an aiseolais seo, faightear sna freagraí ar an chomhairliúchán réimse leathan moltaí agus tuairimí ar chóir an aird chuí a thabhairt orthu chomh maith mar ábhar machnaimh agus díospóireachta.

4.

AGUISÍN 1

MOLTAÍ FHORAS NA GAEILGE FAOIN ATHBHREITHNIÚ AR EARNÁIL NA MEÁN GAEILGE CLÓITE AGUS AR LÍNE 2019

1. Go n-imeoidh Foras na Gaeilge ó chur chuige na scéimeanna iomaíochta leis na trí scéim reatha agus díriú as seo amach ar neart maoinithe d'uasluach €360k sa bhliain a thairiscint ar bhonn conradh seirbhíse inathnuaite do phríomhsholáthróir amháin chun suíomh gréasáin lán-Ghaeilge a sholáthar saor ó tháille. Beidh béim agus seiftiúlacht an tsuímh gréasáin seo le díriú, den chuid is mó, ar nuacht agus ar ábhar léitheoireachta eile a dhíreofar go háirithe ar phobal na Gaeltachta, ar phobail eile na Gaeilge agus earnáil na Gaeilge – níl sé i gceist go rachaidh an suíomh in iomaíocht le mórsholáthróirí nuachta eile le hábhair lasmuigh de na réimsí seo a chlúdach. Beidh réimsí faoi leith le tabhairt san áireamh freisin, ag brath ar thaighde nua atá coimisiúnaithe ar threochtaí ar shuimeanna léitheoireachta i bhfoilseacháin na mean.
2. Go bhforbrófar ardán ar leith ar líne mar chuid d'earnáil na meán ar mhaithe le saibhriú na hintleachta a chothú agus a chur i láthair sa phobal. Le buiséad de €60k, beidh an t-ardán seo dírithe ar ábhar critice agus ar léirmheastóireacht mar aon le scríbhneoireacht chruthaíoch agus léann intleachtúil na Gaeilge a chothú.
3. Go bhforbrófar scéim phrintíseachta do chéimithe iriseoireachta Gaeilge (nuair atá an cúrsa críochnaithe acu) ar mhaithe le tionchar agus feidhm na hiriseoireachta Gaeilge a leathnú agus a normalú sa phobal san iomlán. Le buiséad tosaigh de €40k agus i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal agus páirtneírí earnáil na meán, cuirfear liúntas bliana ar fáil in 2020 do cheithre iarchéimí rathúil a chaithfidh seal printíseachta ag saothrú ábhair scríofa trí mheán na Gaeilge, idir iriseoireacht éadrom agus iriseoireacht iniúchta.

4. Go bhforbrófar scéim phíolótach dírithe ar fhoilsiú saor-nuachtáin áitiúla lán-Ghaeilge do na ceantair is mó a bhfuil pobal labhartha Gaeilge iontu. Díreofar ar dtús ar thrí cinn de na Limistéir Pleanála Teanga (LPT). Cuirfear liúntas forbartha ar fáil mar aon leis an gcabhair theicniúil agus i gcomhar leis na ceanneagraíochtaí sna LPTanna/comharchumainn roghnaithe, le nuachtáin áitiúla faoi mhúnla tablóideach a fhoilsiú agus a scaipeadh go míosúil (mar aon le leagan leictreonach). Beidh pórbhuiséad iomlán de €40k ar fáil don mholadh seo.